

## FÓGRA TÁBHACHTACH DEIREADH BLIANA D'FHOSTÓIRÍ AGUS DO SHOLÁTHRAITHE PINSIN

Clúdaíonn an fógra seo d'fhostóirí na hábhair seo a leanas:

1.	Fógraí Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (fógraí FPCI) 2019 .....	1
2.	Fógraí FPCI 2020 .....	1
3.	Achoimre Sonraí Fostaíochta an Fhostaí (ag teacht in áit an P60) .....	1
4.	Dátaí Pá.....	2
5.	Deimhnithe Digiteacha ROS .....	2
6.	Naisc Ghníomhaire .....	3
7.	Dochar Díreach Athraitheach .....	3
8.	Ní fhéadtar foirmeacha P45 2009 & 2010 a thíolacadh a thuilleadh le Feidhmchlár As Líne ROS.....	3
9.	Cánachas ar Shochar Breoiteachta agus Sochar Díobhála Ceirde .....	3
10.	Treoir d'Fhostaithe i leith ÍMAT .....	3
11.	An Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí .....	4
12.	Cabhair bhreise .....	4

### 1. Fógraí Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (fógraí FPCI) 2019

Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim le fógraí FPCI 2019 a chur ar fáil d'fhostóirí suas leis an 31 Nollaig 2019, agus an dáta sin san áireamh. Níor chóir go mbainfeadh fógraí FPCI ach le párolla 2019.

### 2. Fógraí FPCI 2020

Beidh fógraí FPCI 2020 ar fáil ón gCéadaoin, 4 Nollaig 2019 ar aghaidh. Ba chóir duit a chinntiú nach n-iompórtálann tú fógraí FPCI 2020 ach chuig párolla 2020 amháin.

Ní mór an FPCI is déanaí a iarraidh i leith gach fostaí/pinsinéir sula ritheann tú do bhabhta párolla. Sa chás nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim FPCI a chur ar fáil duit, ní mór cáin éigeandála a chur i bhfeidhm. Tá na [rátaí Cánach Éigeandála agus MSU Éigeandála](#) ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

### 3. Achoimre Sonraí Fostaíochta an Fhostaí (ag teacht in áit an P60)

Faoin Nua-Aoisíú ÍMAT, níl ar fhostóirí Foirm P60 a chur ar fáil dá bhfostaithe a thuilleadh. Ina áit sin, féadann fostaíthe teacht ar Achoimre Sonraí Fostaíochta do 2019 ar an gcárta 'Seirbhísí ÍMAT'. Is éard a bheidh san Achoimre Sonraí Fostaíochta ná sonraí ioncaim agus sonraí na n-asbhaintí reachtúla i leith gach fostaíochta nó pinsin do 2019. Beidh sé ar fáil mí Eanáir 2020

agus féadtar é a íoslódáil agus a phriontáil agus a úsáid mar chruthúnas ar ioncaim de réir mar a iarrann tríú páirtí.

#### 4. Dátaí Pá

Is é an dáta pá ba chóir a thuairisciú ar an tíolacadh párolla ná an dáta a chuirtear an t-airgead ar fáil do na fostaithe. Is iad na creidmheasanna cánach agus na bandaí ráta atá le cur i bhfeidhm ná iad siúd a bhaineann leis an tréimhse ina gcuirtear an íocaíocht ar fáil. Tá sé seo i gceist is cuma cén uair a thuilltear an t-airgead.

Má cuireadh íocaíocht a rinneadh in 2019 san áireamh go mícheart ar fhoirm P35 2018, ní mór duit é seo a cheartú anois ach an íocaíocht a bhaint ó fhoirm P35 2018 agus tíolacadh párolla a chur isteach don íocaíocht sin in 2019. Ar an gcaoi chéanna má tuairiscíodh go mícheart íocaíocht a rinneadh in 2018 faoin Nua-Aoisíú ÍMAT le dáta íocaíochta in 2019, ní mór duit é seo a cheartú láithreach ach an íocaíocht a chur san áireamh ar fhoirm 2018 P35 agus an tíolacadh párolla don íocaíocht sin in 2019 a scríosadh.

**Tabhair do d'aire:** an t-aon eisceacht ó rial an dáta íocaíochta ná nuair a thiteann gnáthlá pá ar lá saoire bainc agus go bhfuil íocaíocht dlite don fhostaí le ríomhaistriú airgid ar an lá sin. Sa chás seo, caitheann na Coimisinéirí Ioncaim leis an lá pá mar an lá saoire bainc sa chás go gcuirtear an t-airgead ar fáil i gcuntas bainc an fhostaí ar an lá roimhe sin.

#### *Sampla*

An gnáthlá pá atá ag fostaí áirithe ná 1 Eanáir. Ní fhéadtar an íocaíocht a dhéanamh ar an 1 Eanáir mar gheall go bhfuil na bainc dúnta, mar sin déanann an fostóir an íocaíocht ar an 31 Nollaig ina áit sin. Ba chóir an dáta pá a thuairisciú mar an 1 Eanáir agus ba chóir creidmheasanna/bandaí ráta an 1 Eanáir a chur i bhfeidhm, in ainneoin go ndéantar an íocaíocht ar an 31 Nollaig sa bhliain roimhe.

#### 5. Deimhnithe Digiteacha ROS

Tá sé lárnach do do chuid dualgas a chomhlíonadh mar fhostóir go mbeidh teacht agat ar ROS.

Ba chóir duit athbhreithniú a dhéanamh ar do dheimhnithe digiteacha ROS le cinntiú nach dtéann siad in éag. Ba chóir do Riarthóirí ROS logáil isteach ar ROS anois agus, má fhaightear meabhrúchán chun athnuachan a dhéanamh, ba chóir leanúint ar aghaidh leis an athnuachan a dhéanamh. Má théann an deimhniú Riarthóra ROS in éag, cuirfeadh gach uile fho-úsáideoir ar fionraí go dtí go bhfaightear deimhniú nua, agus d'fhéadfadh sé go mbeidh suas le 5 lá oibre i gceist leis seo. Níl ann ach an t-aon deimhniú amháin do Riarthóirí ROS. Le seiceáil gur tusa an Riarthóir ROS, téigh chuig an gcluaisín Próifíl in ROS – ní fhéadann ach an Riarthóir ROS sonraí teagmhála a thabhairt cothrom le dáta ansin.

I roinnt cúinsí, féadfaidh sé gur gá deimhnithe ROS a athnuachan sula dtéann 2 bhliain in éag. Eisítear meabhrúcháin ríomhphoist roimh ré. Ba chóir a chinntiú go bhfuil sonraí teagmhála an Riarthóra ROS cothrom le dáta ar an gcluaisín Próifíl in ROS ionas go bhfaighidh tú na fógraí. Ba chóir seiceáil a dhéanamh ar 'Leasaigh Seoltaí Ríomhphoist ROS' do gach fo-úsáideoir ar an gcluaisín Seirbhísí Riaracháin ROS le cinntiú go bhfaigheann fo-úsáideoirí fógraí athnuachana.

Má bhaintear úsáid as aon deimhniú ROS i bpacáiste párolla, ní mór do phacáiste párolla a thabhairt cothrom le dáta má dhéanann tú an deimhniú sin a athnuachan nó a athsholáthar. Ní mór an leagan is nua den deimhniú a bheith sábháilte go slán agat ionas go mbeidh tú in ann é a

úsáid i do phacáiste párolla. Ní bheidh ach an leagan is nua den deimhniú in ann cumarsáid a dhéanamh le ROS.

Má chóipeáiltear aon deimhniú chuig ríomhaire eile nó chuig úsáideoir eile, cinntigh go bhfuil na páirtithe cuí uile ar an eolas faoi aon athnuachan nó pasfhocail nuashonraithe.

Tá eolas faoi dheimhnithe ROS ar fáil ar ár suíomh idirlín – féach Seirbhísí ar Líne / Cabhair ROS / ROS d’Fhostóirí / [Ullmhúcháin ROS do phárolla 2019](#).

## **6. Naisc Ghníomhaire**

Maidir le tíolacthaí párolla a rinneadh agus ráitis mhíosúla a gineadh roimh an dáta a thagann an nasc gníomhaire i bhfeidhm, ní bheidh siad ar fáil do Ghníomhairí nua. Más gá do Ghníomhaire féachaint ar thréimhsí roimh dháta an naisc ghníomhaire nó iad a thabhairt cothrom le dáta, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim chun an nasc a shiardhátú chuig an 1 Eanáir.

## **7. Dochar Díreach Athraitheach**

Má chuireann tú Dochar Díreach Athraitheach ar bun, tá údarú á thabhairt agat do na Coimisinéirí Ioncaim luach gach dliteanais mhíosúil a asbhaint ó chuntas bainc ainmnithe. Baileoidh an Dochar Díreach Athraitheach an t-iarmhéid amuigh don tréimhse reatha amháin. Le haghaidh tuilleadh eolais ar na roghanna íocaíochta, féach ‘Daoine a fhostú’ > ‘Nua-Aoisiú ÍMAT – ábhair reatha’.

## **8. Ní fhéadtar foirmeacha P45 2009 & 2010 a thíolacadh a thuilleadh le Feidhmchlár As Líne ROS**

Is éard atá san [Fheidhmchlár As Líne ROS](#) ná uirlis a ligeann duit foirmeacha ROS a chomhlánú nuair nach mbíonn tú ceangailte leis an idirlíon. Féadtar na foirmeacha a shábháil ar do ríomhaire agus ansin iad a chomhlánú agus a uaslódáil chuig ROS ag tráth a fheileann duit.

Cuirtear in iúl d’fhostóirí nach bhféadtar foirmeacha P45 do na blianta 2009 agus 2010 a uaslódáil a thuilleadh le Feidhmchlár As Líne ROS. Féadtar leanúint le foirmeacha P45 a thíolacadh do 2009 agus 2010 leis an gcóras ar líne ROS.

## **9. Cánachas ar Shochar Breoiteachta agus Sochar Díobhála Ceirde**

Ó 1 Eanáir 2018 ar aghaidh, chuir na Coimisinéirí Ioncaim an tsuim incháinite den Shochar Breoiteachta nó den Sochar Díobhála Ceirde san áireamh i ndeimhnithe creidmheasanna cánach fostaithe agus pinsinéirí. An toradh atá air seo ná go laghdaítear na creidmheasanna cánach agus na bandaí ráta araon atá ar fáil d’fhostaithe agus pinsinéirí.

Níor chóir d’fhostóirí Sochar Breoiteachta incháinite a chur san áireamh le pá i bpárolla in 2019. Má chuir tú san áireamh é, ní mór na figiúirí pá Cánach Ioncaim/MSU/ÁSPC a cheartú sna tíolacthaí párolla cuí.

## **10. Treoir d’Fhostaithe i leith ÍMAT**

Tá an [Treoir d’Fhostaithe i leith ÍMAT](#) (Employer’s Guide to PAYE) ar fáil ar ár suíomh idirlín. Foinse chuimsitheach eolais is ea seo d’fhostóirí ar oibriú an chórais ÍMAT agus tugtar cothrom le dáta é le linn na bliana.

## 11. An Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí

Cuireann **an Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí** eolas agus tacaíocht ar fáil d'fhostóirí. Seo a leanas na sonraí teagmhála:

M'Fhiosruithe: Roghnaigh 'ÍMAT Fostóra' sa bhosca 'Baineann m'Fhiosrú le'.

## 12. Cabhair bhreise

Tá cabhair bhreise ar fáil ar ár suíomh idirlín i ndáil le

- ROS a úsáid - féach Seirbhísí ar Líne / [Cabhair ROS](#)
- Nua-Aoisiú ÍMAT - féach Seirbhísí ar Líne / Forbróirí bogearraí / [Léargas Ginearálta Teicniúil ar an Nua-Aoisiú ÍMAT](#).